



FREAGRAI ON gCOIMISIUN EORPACH

AR AN TUARASCÁIL SPEISIALTA Ó
CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

**Sineirgí idir Fís 2020 agus Cistí
Struchtúracha agus Infheistíochta na
hEorpa:**

Níl lántairbhe bainte astu fós



European
Commission



Ábhar

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN (Míreanna I-IX).....	3
RÉAMHRÁ (Míreanna 1-9)	4
RAON FEIDHME AGUS CUR CHUIGE NA hINIÚCHÓIREACHTA (Ailt 10-13).....	6
RÉAMHRÁ (Míreanna 14-78).....	6
CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ (Míreanna 79-91).....	11
Moladh 1 – Feabhas a chur ar chomhar idir comhlachtaí atá páirteach i mbainistiú an ESIF agus na gcreatchlár.....	12
Moladh 2 – Acmhainneacht sonraí a shaothrú chun sineirgí a chothú.....	13
Moladh 3 – Úsáid sineirgí iartheachtacha a mhéadú.....	14
Moladh 4 – Feabhas a chur ar an sreabhadh faisnéise faoi thionscadail a bhfuil an Séala Barr Feabhais faighte acu.....	14

Cuirtear i láthair sa doiciméad seo na freagraí ón gCoimisiún Eorpach ar bharúlacha a tugadh i dTuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, i gcomhréir le hAirteagal 259 den [Rialachán Airgeadais](#) agus atá le foilsiú in éineacht leis an Tuarascáil Speisialta.

ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN (Míreanna I-IX)

Freagraí ón gCoimisiún:

I. Is iad clár Fís 2020 agus an clár a tháinig ina dhiaidh sin Fís Eorpach (HE) príomhchláir an Aontais Eorpaigh lena dtacaítear le taighde agus le nuálaíocht. Tá sé d'aidhm deiridh acu poist a chruthú, borradh a chur faoin bhfás eacnamaíoch, iomaíochas tionsclaíoch a chur chun cinn agus cur le tarraingteacht an Aontais i réimse an taighde agus na forbartha (T&F).

Chomh maith leis sin, le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE), cuireadh acmhainní suntasacha ar fáil chun tacú leis an nuálaíocht agus leis na Ballstáit agus chun cuidiú le deighilt na nuálaíochta a shárú.

Léirítear le buiséad an Choimisiúin a leithdháileadh ar thaighde agus ar nuálaíocht le linn na tréimhse 2014-2020 uaimhian an Aontais maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i dtodhchaí na hEorpa.

II. Tá sé ina thosaíocht thábhachtach ag an gCoimisiún Eorpach le blianta beaga anuas beartas comhtháthaithe agus Fís Eorpach a thabhairt níos gaire dá chéile, go háirithe le linn ullmhúcháin le haghaidh 2021-2027. Is é is aidhm leis sin tionchar an dá bheartas a neartú trí chomhlántacht a chruthú, go háirithe sna réigiúin bheagfhorbartha agus fhorimeallacha. D'fhéadfadh staideanna nua a rachaidh chun tairbhe do chách a bheith ann de bharr cur chuige comhtháite a chur chun cinn agus sineirgí idir na príomhionstraimí AE sin a neartú, (agus colúin agus cuspóirí beartais na n-ionstraimí sin faoi seach). Is féidir, mar shampla, forbairt eacnamaíoch réigiúnach atá inbhuanaithe agus cliste a chothú, agus ag an am céanna feabhas foriomlán a chur ar éiceachóras nuálaíochta an Aontais agus é a dhéanamh níos fearr i ndáil le freagairt do na príomhdhúshláin shochaíocha agus príomhshlabhraí luacha straitéiseacha a fhorbairt.

Leis an gcur chuige sin cruthaítear deiseanna nua chun cuidiú le nuálaíocht a chothú sna réigiúin uile agus chun réigiúin bheagfhorbartha agus fhorimeallacha a chomhtháthú isteach sa Limistéar Eorpach Taighde (LET) agus san Éiceachóras Eorpach Nuálaíochta (EIE).

V. Ó 2014 i leith, leagtar béim sa doiciméad treorach a d'ullmhaigh an Coimisiún¹ cheana féin “go mbeidh sé ina phróiseas foghlama an réaltacht nua sin a aistriú, ós rud é go bhfuil cur chun feidhme ESIF faoi rialacha bainistíochta comhroinnte na mBallstát agus go leithdháiltear tacaíocht i gcomhair Fís 2020, COSME, Erasmus +, etc. ar leibhéal an Aontais (go díreach nó go hindíreach ag an gCoimisiún).”

Tá an Coimisiún ag obair ar roinnt gnéithe atá dírithe ar thacú le sineirgí níos láidre go háirithe don tréimhse 2021-2027, amhail rialacháin a bhaineann leis na beartais sin a shimpliú agus a ailíniú i gcomhar leis na húdaráis bhuiséadacha. Is comhartha é sin dá thiomantas sineirgí a bhaint amach. Ina theannta sin, tugadh faoi roinnt gníomhartha chun sineirgí a chur chun cinn. D'fhoilsigh an Coimisiún leabhrán ar shamplaí de shineirgí sa chlárthréimhse san am atá thart agus tá sé tar éis samplaí de scéimeanna a thacaíonn leis an Séala Barr Feabhais (SoE) agus de shealbhóirí Séala a fhaigheann maoiniú trí shuíomh gréasáin SoE a chur chun cinn.

¹ An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, *Sineirgí a chumasú idir Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa, Fís 2020 agus clár eile de chuid an Aontais a bhaineann le taighde, le nuálaíocht agus le homaíochas: treoir do lucht déanta beartas agus comhlachtaí cur chun feidhme*, Oifig na bhFoilseachán, 2014, <https://data.europa.eu/doi/10.2776/84939>

Mar sin féin, d'fhéadfadh tuiscint níos fearr ar leibhéal na mBallstát ar aidhmeanna bheartais an Aontais cur le dearadh níos fearr a gcuid doiciméad straitéiseach a áirithiú. Aithníonn an Coimisiún go bhfuil féidearthacht áirithe ann maidir le feabhas a chur ar shineirgí agus ailíniú idir beartais agus cláir an Aontais ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon, agus gur gá níos mó a dhéanamh.

VI. Fuarthas amach² sa staidéar a rinneadh le déanaí maidir le tosaíocht a thabhairt do straitéisí um speisialtóireacht chliste san Aontas go bhfuil réimsí tosaíochta straitéisí S3 san Aontas bunaithe den chuid is mó ar shraith próiseas sainaitheanta oibiachtúil atá bunaithe ar shonraí. Mar thoradh air sin tá cur chuige tosaíochta ar fud Bhallstáit/réigiúin an Aontais lena sainítear sraith atá teoranta, ach go minic leathan de réimsí tosaíochta a dhírítear ar T&F agus téamaí a dhírítear níos mó ar an teicneolaíocht.

Measann an Coimisiún go gcomhfhreagraíonn straitéisí um speisialtóireacht chliste go minic do réimsí tosaíochta Fís, fiú mura ndéantar crostagairt sainráite orthu.

Ní gá go gcuirfeadh raon leathan tosaíochtaí um speisialtóireacht chliste teorainn leis an bhféidearthacht sineirgí a chruthú.

VII. Ag an am céanna, cé nach mór do thairbhíthe uile dheontais Fís 2020 a bpleananna a leagan amach maidir le saothrú iarteachtach, ní fhéadfaidh siad i gcónaí breithniú a dhéanamh ar chistiú ESIF ná ní fhéadfaidh siad tagairt a dhéanamh go sainráite dó mar shásra chun a dtorthaí taighde á saothrú tuilleadh. Níl aon fhadhb ann per se mura bhfuil pleananna saothraithe ag brath ar fhóirdheontas leanúnach ó bhuiséad an Aontais.

Tá go leor údarais bhainistíochta ag cur bearta tacaíochta nuálaíochta chun feidhme go rathúil agus dá bhrí sin cruthaíonn siad deiseanna le haghaidh sineirgí iarteachtacha. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit a gcumas inmheánach a fheabhsú a thuilleadh chun na deiseanna le haghaidh sineirgí feabhsaithe a uasmhéadú.

VIII. Ionstraim thábhachtach amháin de chuid na sineirgí is ea an Séala Barr Feabhais lena n-aithnítear luach an togra agus lena gcuidítear le comhlachtaí maoinithe eile leas a bhaint as próiseas meastóireachta ardchaighdeán an Choimisiúin.

Níl aon oibleagáid ar fhaighteoirí Séala Barr Feabhais glacadh a dtionscadal trí ionstraimí maoinithe eile a thuairisciú. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gCoimisiún méid beacht na dtograí tionscadail a fuair maoiniú den sórt sin a chinneadh, ach d'fhéadfadh sé a bheith níos airde ná an méid a thuairiscigh comhaltaí Chomhphobal Cleachtais an tSéala Barr Feabhais go deonach.

IX. Glacann an Coimisiún leis na moltaí.

RÉAMHRÁ (Míreanna 1-9)

Freagraí ón gCoimisiún:

² An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, Staidéar maidir le tosaíocht a thabhairt do straitéisí speisialtóireachta cliste san Aontas: tuarascáil deiridh, Oifig na bhFoilseachán, 2021, <https://data.europa.eu/doi/10.2776/60867>

01. Mar a léiríodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún³ maidir le Fís 2020, “Cuidíonn an taighde agus an nuálaíocht le poist, rathúnas, cáilíocht saoil agus earraí poiblí domhanda a sholáthar. Cruthaítear leo an dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch is gá chun dul i ngleic leis na dúshláin phráinneacha atá roimh an tsochaí. Cuireadh taighde agus nuálaíocht i gcroílár straitéis Eoraip 2020 chun fás cliste, inbhuanaithe agus cuimsitheach a chur chun cinn”.

Ina theannta sin, coinníonn an Coimisiún Eorpach reatha (2019-2024) an beartas seo i gcroílár a thosaíochtaí polaitiúla.⁴

03. Leagann an Coimisiún béim ar an ngá ginearálta atá le sineirgí a fhorbairt leis na cláir eile de chuid an Aontais amhail an Comhchreat Straitéiseach um Chomhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach agus leis an gClár Iomaíochais agus FBManna.

04. Léirítear an aidhm sin sa Rialachán maidir le Fís Eorpach freisin: “... ba cheart don Chlár sineirgí a lorg le cláir eile de chuid an Aontais, idir a ndearadh agus a bpleanáil straitéiseach, agus roghnú, bainistiú, cur in iúl, scaipeadh agus saothrú na dtorthaí, faireachán, iniúchóireacht agus rialachas na dtionscadal. ... d’fhonn dúbláil nó forluí a sheachaint, d’fhonn éifeacht ghiorra an chistithe ón Aontas a mhéadú agus d’fhonn an t-ualach riaracháin a bhíonn ar na hiarrthóirí agus na tairbhíthe a laghdú, ba cheart bheith in ann sineirgí a chur chun cinn, go háirithe trí chistiú malartach, comhcheangailte, carnach agus trí aistriú acmhainní”.

Luann an méid seo a leanas i Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC)⁵ (Aithris (61)): “Ba cheart barrfheabhas a chur ar na sineirgí idir na Cistí agus na hionstraimí faoi bhainistíocht dhíreach. Ba cheart soláthar tacaíochta a éascú d’oibríochtaí ar bronnadh an Séala Barr Feabhais orthu nó d’oibríochtaí arna gcomhchistiú ag Fís Eorpach trí bhithin ranníocaíocht ó na Cistí. Níor cheart coinníollacha a ndearnadh measúnú orthu cheana féin ar leibhéal an Aontais, sular bronnadh lipéad cáilíochta an tSéala Barr Feabhais ar an oibríocht nó sular roghnaíodh iad faoi chlár arna chomhchistiú ag Fís Eorpach, a athmheasúnú, chomh fada agus a chomhlíonann na hoibríochtaí sraith teoranta ceanglas a bhunaítear leis an Rialachán seo. Ba cheart go n-éascófaí leis sin freisin na rialacha ábhartha a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 651/2014 ón gCoimisiún”.

05. Leagtar béim sna tagairtí thuas ar an tábhacht atá ann le sineirgí a fhorbairt i measc bheartais an Aontais Eorpaigh, iarracht atá aitheanta ag na príomhpháirtithe leasmhara. Sa chomhthéacs sin, d’eisigh an Coimisiún doiciméad treorach maidir leis na deiseanna chun na sineirgí idir Fís Eorpach agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) a uasmhéadú. Díritear aird sa doiciméad ar na féidearthachtaí nua maidir le sineirgí agus soiléirítear ann cur chun feidhme praiticiúil d’údarais bhainistíochta an bheartais chomhtháthaithe, do Phointí Teagmhála Náisiúnta Fís Eorpach agus do thionscnóirí/mholtóirí tionscadail Fís Eorpach. Leagtar béim ann ar an bhfreagracht chomhroinnte atá ar na gníomhaithe go léir as rath a áirithiú.

³ TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN: Fís 2020 - An Creachlár um Thaighde agus Nuálaíocht /* COM/2011/0808 final *

⁴ TREOIRLÍNTE POLAITIÚLA DON CHÉAD CHOIMISIÚN EORPACH EILE 2019-2024 (https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/political-guidelines-next-commission_en_0).

⁵ Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Imheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí; IO L 231, 30.6.2021, lgh. 159–706

07. Leagann ECA béim ar chastacht na hiarrachta seo toisc nach bhfuil roinnt gnéithe (cuspóirí, bainistíocht, cur chun feidhme agus socruithe tosaíochta) de na hionstraimí éagsúla ag teacht go hiomlán lena chéile.

Dírítear i bhFís 2020 ar thacaíocht a thabhairt do T&N barr feabhais, i gcomhréir le hAirteagal 179 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Is é is aidhm do bheartas comhtháthaithe forbairt chomhchuibhithe fhoriomlán na mBallstát agus a réigiún a chur chun cinn agus tacú leis sin, i gcomhréir le hAirteagal 174 CFAE, go háirithe trí éagothromaíochtaí réigiúnacha a laghdú. Is ionstraimí de chuid AE iad CFRE agus Fís 2020 a thacaíonn le hinfheistíochtaí sa taighde agus sa nuálaíocht.

Is tosaíocht thábhachtach ag an gCoimisiún Eorpach le blianta beaga anuas é beartas comhtháthaithe agus Fís Eorpach a thabhairt níos gaire dá chéile, go háirithe le linn ullmhúchán le haghaidh 2021-2027. Is é is aidhm leis sin tionchar an dá bheartas a neartú trí chomhlántacht a chruthú, go háirithe sna réigiúin bheagfhorbartha agus fhorimeallacha. D'fhéadfadh staidéanna nua a rachaidh chun tairbhe do chách a bheith ann de bharr cur chuige comhtháite a chur chun cinn agus sineirgí idir na príomhionstraimí AE sin a neartú, (agus colúin agus cuspóirí beartais na n-ionstraimí sin faoi seach).

RAON FEIDHME AGUS CUR CHUIGE NA HINIÚCHÓIREACHTA (Ailt 10-13)

Gan aon fhreagra ón gCoimisiún.

RÉAMHRÁ (Míreanna 14-78)

Freagraí ón gCoimisiún:

14. Le beartais an Choimisiúin atá faoi réir iniúchóireacht CIE tugtar faoi cuspóirí a bhaineann le forbairt réigiúnach agus taighde agus nuálaíocht. Cuireadh na beartais sin i bhfeidhm astu féin den chuid ba mhó. Is céim réasúnta nua chun cinn é an fócas ar shineirgí a fhorbairt i gcur chun feidhme na mbeartas thuas. Tá an Coimisiún ag obair go gníomhach ar shineirgí a chur chun cinn ó thús chlártréimhse 2014-2020. Ról an Choimisiúin maidir le rialacháin a bhaineann leis na beartais thuas a shimpliú agus a ailíniú, is léiriú é ar a ghealltanas maidir lena áirithiú go n-éireoidh le sineirgí níos láidre a chruthú.

16. Iarracht bhuan ón gCoimisiún a bhí sna cláir éagsúla de chuid an Aontais a chur ag obair le chéile go comhsheasmhach agus cuspóirí an Aontais Eorpaigh á mbaint amach. Tuigean an Coimisiún go maith go dtugtar aird dá chuid iarrachtaí na rialacháin a ailíniú don tréimhse 2021-2027.

Measann an Coimisiún leis an iarracht chomhpháirteach a raibh na hathruithe a tugadh isteach don tréimhse 2021-2027 mar thoradh uirthi, gur cumasaíodh méadú ar fheasacht agus ar eolas cómhálartach ar chuspóirí agus ar dheiseanna a raibh tionchar dearfach acu ann féin.

19. Léiríonn Seirbhís Taighde Parlaimint na hEorpa castacht na hiarrachta sin. Soláthraítear sa doiciméad roinnt léargas agus ráiteas maidir le conas dul ar aghaidh agus na deacrachtaí a bhí ann lena gcuirtear bac ar dhul chun cinn sineirgí níos láidre a shárú.

Tá seirbhísí an Choimisiúin ag obair i ndlúthchomhar le chéile chun na deiseanna ar shineirgí a fheabhsú trí rialacha níos comhordaithe don tréimhse 2021-2027 agus bheith ag teacht leis na forálacha sa reachtaíocht ábhartha uile (Fís Eorpach, an Beartas Comhtháthaithe, an Rialachán maidir le Blocdhíolúine Ghinearálta i leith Státchabhrach). Tá na seirbhísí ag obair le chéile faoi láthair lena áirithiú go ngabhfaidh údaráis bhainistíochta CFRE agus geallsealbhóirí T&N na deiseanna a thairgtear leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil nua chun cineálacha éagsúla sineirgí a chruthú agus a uasmhéadú. Cuireadh na féidearthachtaí nua i láthair na mBallstáit, na réigiún agus na bpáirtithe leasmhara cheana féin ag imeachtaí éagsúla. Ina theannta sin, tá treoir nua maidir leis na deiseanna chun na sineirgí idir Fís Eorpach agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa a uasmhéadú ar fáil ón 5 Iúil 2022⁶.

21. Cé go bhfuil go leor ionad agus sásraí ann le haghaidh malartuithe idir an Coimisiún agus na páirtithe leasmhara náisiúnta agus réigiúnacha, lena n-áirítear próiseas foirmiúil don rannpháirtíocht idir an Coimisiún, na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara ábhartha le linn an phróisis reachtaigh agus chlársceidealú agus chur chun feidhme na n-ionstraimí ina dhiaidh sin (e.g. clársceidealú straitéiseach, Comhphobal Cleachtais an tSéala Barr Feabhais), ba cheart iarrachtaí breise a dhéanamh chun sineirgí a áirithiú sa chur chun feidhme (féach an freagra ón gCoimisiún ar mhír 19).

BOSCA 1 - “Comhphobal cleachtais an tSéala Barr Feabhais”: sampla dearfach de chomhoibriú il-leibhéal.

Is údaráis bhainistíochta CFRE den chuid is mó iad baill Chomhphobail Cleachtais SoE ach freisin comhlachtaí poiblí agus príobháideacha eile a bhfuil cumhachtaí cistiúcháin acu atá tiomanta do ghníomhaíochtaí a oireann don SoE a chur chun feidhme agus a chinn dul isteach sa chomhphobal ar bhonn deonach. Sa lá atá inniu ann, tá thart ar 250 comhalta sa chomhphobal agus oibríonn sé trí chruinnithe rialta faoi chathaoirleacht an Choimisiúin. Tá ardán pobail (SINAPSE) aige trínar féidir faisnéis agus dea-chleachtas ar an Séala Barr Feabhais a mhalartú.

24. Ó chéimeanna an-luath Fís 2020, measann an Coimisiún go bhféadfaí feabhas a chur ar chur chun feidhme comhsheasmhach chláir an Aontais le cumarsáid níos fearr ar an leibhéal náisiúnta .

Deimhnítear é sin le pointe 3.3 den doiciméad treorach (2014) (“Gníomhaíochtaí d’údaráis Náisiúnta agus Réigiúnacha atá bainteach le Fís 2020 agus cláir ábhartha eile de chuid an Aontais”). Tagraíonn an pointe seo don ghá atá ag comhlachtaí éagsúla chláir an Aontais ar nós Pointí Teagmhála Náisiúnta (NCPanna), Fís 2020, an Líonra Fiontar Eorpach (EEN) etc., comhoibriú leis na húdaráis bhainistíochta náisiúnta agus feasacht a mhúscailt ar na féidearthachtaí a bhaineann le húsáid chomhcheangailte mhaoiniú ESIF agus Fís 2020.

Ina theannta sin, moltar leis ceardlanna a eagrú chun na hÚdaráis Bhainistíochta ábhartha (ÚBanna) agus na comhlachtaí atá i gceannas ar Thaighde agus Nuálaíocht le haghaidh Speisialtóireacht Chliste a thabhairt le chéile le hionadaithe ó choistí cláir éagsúla Fís 2020, COSME, etc., chun eolas a bhailiú maidir le sineirgí féideartha agus sioncrónú cinntí maoinithe, chun faisnéis a mhalartú go rialta agus chun foghlaim go frithpháirteach faoi staid reatha chur chun feidhme na Straitéisí Taighde agus Nuálaíochta um Speisialtóireacht Chliste (RI S3). Mar shampla, d’fhéadfaidís

⁶ C(2022) 4747 final: TEACHTAIREACHT CHUIG AN gCOIMISIÚN maidir le hábhar dréachtfhógra ón gCoimisiún i ndáil leis na sineirgí idir cláir CFRE agus Fís Eorpach a fhorghnó, an 5 Iúil 2022

maoiniú malartach / athdhíriú féideartha ar thograí ardchaighdeán Fís 2020 a iniúchadh lena bhfuil scór os cionn na tairisí nach raibh go leor buiséid ó Fhís 2020 ar fáil ina leith.

26. Tá faisnéis faoi thionscadail a dtacaíonn na Creatchláir leo ar fáil trí Deais Fís⁷ 2020 agus CORDIS⁸, Kohesio⁹ agus trí láithreáin ghréasáin cláir aonair.

Thairis sin, foilsítear sonraí na gCreatchlár mar shonraí oscailte ar an tairseach oifigiúil le haghaidh sonraí Eorpacha “data.europa.eu”¹⁰ ag tacú le trédhearcacht, athúsáid agus nascadh ag aon pháirtí leasmhar seachtrach.

29. D’fhorbair an Coimisiún uirlisí sonraí agus faisnéise chun faisnéis éasca agus thrédhearcach a sholáthar faoi thairbhíthe na gCreatchláir T&N (tá rochtain ar Dheais Fís 2020 freisin trí thairseach deiseanna um Maoiniú agus tairiscintí¹¹) agus faoi Bheartas Comhtháthaithe an Aontais (Kohesio) atá i bhfeidhm ó Mhárta 2022.

Tá rochtain ar shonraí chlár T&N, go háirithe Fís 2020, ar fáil don phobal. I gcás tionscadal T&N Fís 2020, seachas CORDIS, chuir an Coimisiún bunachar sonraí eCORDA srianta ar fáil do na Ballstáit go dtí gur seoladh deais phoiblí Fís 2020 in 2018 (agus rinneadh é a chomhtháthú i nDeais Fís 2020 in 2021). Tá an deais ar fáil ar an Tairseach um maoiniú agus tairiscintí agus tá sí ar fáil don lucht sprice i gcoitinne.

Féach freisin an freagra ar mhír 31.

30. Tá formáid dhifriúil ag bunachair shonraí beartas Fís agus ag an mbeartas Comhtháthaithe, a léiríonn na difríochtaí idir an creat dlíthiúil do na hionstraimí seo.

Is deacair tacsanomaíocht choiteann agus statach a chur i bhfeidhm, mar gheall ar raon feidhme éagsúla na n-ionstraimí freisin. Maidir le straitéisí S3, ní gá iad seo a shocrú laistigh d’aicmiú seasta áirithe (e.g. NACE, an Ainmniú na nGníomhaíochtaí Eacnamaíocha), ach bunaítear iad i bpróiseas ón mbun aníos áitbhunaithe Próiseas Fionnachtana Fiontraíochta.

31. Tá na sásraí tuairiscithe agus faireacháin le haghaidh ESIF i gcomhréir leis na ceanglais reachtacha agus meastar iad a bheith iomchuí chun faireachán a dhéanamh ar bheartais.

Measann an Coimisiún, cé nach bhfuil an dá bhunachar sonraí idir-inoibritheach, go n-éascaítear leis na feidhmiúlachtaí atá ann cheana faisnéis ábhartha a shainaithint go pointe áirithe.

Go háirithe, éascaítear le Kohesio sainaithint na dtionscadal uile arna maoiniú ag an mbeartas Comhtháthaithe i T&N tríd an scagaire réimse idirghabhála. Tá tromlach mór (>85 %) na hinfheistíochta iomláine a bhaineann leis an straitéis S3 comhchruinnithe i raon gearr de réimsí idirghabhála.

Is féidir le húsáideoirí an scagaire téamach sin a chomhcheangal le cinn bhreise (e.g. tír, clár, ciste) chun a gcuardach a bheachtú agus liosta na dtionscadal T&N a fháil chomh maith le léargais faoin gclúdach geografach agus faisnéis mhionsonraithe faoi na tairbhíthe gaolmhara.

⁷ <https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/opportunities/horizon-dashboard>

⁸ <https://cordis.europa.eu/>

⁹ <https://kohesio.ec.europa.eu/en/>

¹⁰ <https://data.europa.eu/ga>

¹¹ <https://ec.europa.eu/info/funding-tenders/opportunities/portal/screen/home>

Ina theannta sin, úsáideann Kohesio feidhmiúlachtaí cuardaigh séimeantacha faoi thiomáint na hIntleachta Saorga, rud a chuireann ar chumas úsáideoirí tionscadail T&N a aimsiú i réimsí sonracha nach gclúdaítear go díreach leis na réimsí idirghabhála thuasluaite (e.g. taighde ar ailse).

Tá sé mar aidhm le hiarrachtaí leanúnacha teideal an tionscadail a aicmiú agus cur síos a dhéanamh air de réir an fhoclóra faoi rialú EuroVoc a choinníonn an Oifig Foilseachán. Cuirfidh an chéim seo tuilleadh le hinchuardaitheacht ar shonraí atá san áireamh in Kohesio.

Thairis sin, tá torthaí á seachadadh cheana féin ag CORDIS i gcoinne aicmiú EuroSciVoc, rud lena n-éascaítear leibhéal áirithe mapála le Kohesio.

Admhaíonn an Coimisiún gur gá feabhas a chur ar chreataí sonraí atá ann cheana, ar inchuardaitheacht agus ar mhapáil na sonraí, ar fhaireachán ar shineirgí agus ar chur chun cinn samplaí de dhea-chleachtas.

32. Tá an Coimisiún agus na húdaráis Náisiúnta dírithe den chuid is mó ar chur chun feidhme na mbeartas a bhfuil siad i gceannas orthu. Ní raibh faireachán ar shineirgí mar chuid de cheanglais rialála maidir le faireachán faoi RFC ach oiread.

33. Tá an Coimisiún ag obair go leanúnach chun a chuid beartas a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr. Dá bhrí sin, tá dearadh níos fearr an phróisis faireacháin ríthábhachtach don aidhm sin. Tá an chaoi a ndéantar an fhaisnéis ábhartha a ghabháil sa phróiseas cinnteoireachta tábhachtach freisin.

Sa chomhthéacs sin, ní mór gabháil na faisnéise atá le tabhairt chun críche maidir le cur chun feidhme an chláir (faireachán) a bhunú ar shocruithe praiticiúla chun an próiseas a éascú gan ualach iomarcach a chur ar thairbhíthe na gclár. Ní thuairtar leis an gcreat dlíthiúil le haghaidh an chórais faireacháin do chistí an bheartais Chomhtháthaithe tuairisciú éigeantach agus córasach ag údaráis bhainistíochta maidir le glacadh Séalaí Barr Feabhais (SoE).

Ar an gcaoi chéanna, níl aon chóras faireacháin i bhfeidhm do thograí SoE mar go bhfuil siad lasmuigh de phróiseas leantach na dtionscadal 'Fís'.

I gcomparáid le Fís 2020, baileofar níos mó faisnéise ar obair leantach ar thorthaí tionscadail faoi Fhís 2020 a bhuíochas dá chreat tuairiscithe agus dá sheirbhísí agus uirlisí atá ar fáil do thairbhíthe faoin straitéis maidir le Forleathadh agus Saothrú Fís, amhail Treiseoir Torthaí Fís, Ardán Torthaí Fís.

34. Ní féidir neamhaird a thabhairt ar ról na n-údarás náisiúnta sa ghné seo de na cláir.

36. Tá roinnt gníomhaíochtaí glactha ag an gCoimisiún dá dtagraítear ag an ECA.

Is doiciméad lárnach é an doiciméad teorach sineirgí, a eisíodh ag céim an-luath de chur chun feidhme Fís 2020, chun na críche sin.

Maidir leis an tSaoráid Tacaíochta Beartais, níl sé i gceist leis an gCleachtadh Foghlama Frithpháirtí gach MS a bhailiú. Is é leis na tuarascálacha agus na ceardlanna ina gcuirtear na conclúidí i láthair, atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Saoráide Tacaíochta Beartais, a áirithítear go scaipfead torthaí an phlé sin chun leasa tíortha eile.

Tá an Coimisiún tar éis a lán ceardlann ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach a reáchtáil/ghlac sé páirt iontu freisin chun sineirgí a chur i láthair arna iarraidh sin do na húdaráis áitiúla nó náisiúnta.

41. Tá ról lárnach ag na húdaráis ar an leibhéal náisiúnta atá i gceannas ar bhainistiú chláir an Aontais i ndearadh a gcuid gníomhartha straitéiseacha agus ina gcur chun feidhme rathúil.

47. Shainigh Ballstáit/réigiúin an Aontais sraith teoranta ach go minic leathan de réimsí tosaíochta a dhírítear ar T&F agus téamaí a dhírítear níos mó ar an teicneolaíocht. Mar sin féin, ní gá go gcuirfí teorainn mar gheall ar mhéid an fhearainn tosaíochta leis an bhféidearthacht sineirgí a chruthú.

51. Athdhearbhaíonn an Coimisiún an tábhacht a bhaineann le forbairt acmhainní i riaracháin náisiúnta chun tacú leis na tairbhíthe féideartha ag céim iarratais na nósanna imeachta um dhámhachtain deontas toisc go gcuidíonn sé go mór le cur chun feidhme rathúil chláir an Aontais (ar an leibhéal náisiúnta).

FREAGRA COITIANTA DO MHÍREANNA 56. AGUS 63.:

Aithníonn an Coimisiún an tábhacht a bhaineann le tacú le sineirgí iarteachtacha mar shásra féideartha chun torthaí na dtionscadal taighde sin a scaipeadh agus a shaothrú tuilleadh, ar tionscadail iad a bhféadfadh tionchar suntasach a bheith acu ar fhorbairt shocheacnamaíoch críche

64. Sampla den idirghníomhú idir faisnéis a tháinig as na cláir T&N atá á mbainistiú go díreach, amhail Fís 2020 agus Interreg arna maoiniú ag ERDF, ba ea cruthú Uirlis Léarscáilithe Sineirgí Fís 2020-Interreg (uirlis imeachtaí líonraithe), a tugadh isteach mar obair leantach ar riachtanas a cuireadh in iúl tar éis an ghlaio ar chaipitliú turgnamhach CE de chuid Interreg a chur i bhfeidhm. Tá an uirlis seo ar fáil go poiblí ar an Tairseach um maoiniú agus tairiscintí (féach freagra ar mhír 29). Glactar céimeanna breise chun bunachar sonraí Interreg keep.eu a shaibhriú¹², arna bhainistiú ag an Idirghníomhú, le haitheantóirí leanúnacha na rannpháirtithe ar nós PIC, ag treisiú ghné na sineirgí sa dá chlár amach anseo.

69. Cuireadh an Séala Barr Feabhais ar bun den chéad uair faoi Fhís 2020 agus treisítear é faoin gclár Fís Eorpach. Tá sé beartaithe glacadh an tSéala Barr Feabhais i gcláir an bheartais Chomhtháthaithe a chur chun cinn tuilleadh i gcomhthéacs sineirgí a threisiú idir na Creatchláir T&N agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE).

71. In ainneoin nach bhfuil tagairtí ann don SoE in RFC 2013 agus sna Cláir Oibríochtúla, arna nglacadh roimh sheoladh thionscnamh an tSéala in 2015, déanann an Coimisiún iarracht faisnéis a bhailiú faoi scéimeanna tacaíochta do Shéalaí náisiúnta/réigiúnacha a bhunaigh CoP (an Comhphobal Cleachtas). Tá an tuarascáil ar bhonn deonach, áfach. Tuairiscíodh Séala barr feabhais EIC Luasaire/FBM amháin - 15 scéim tacaíochta Chéim 2, in 11 tír. Cuireadh an líon céanna scéimeanna ar bun don Séala barr Feabhais MSCA. Mar sin féin, níl aon sonraí beachta ag an gCoimisiún maidir le líon na dtionscadal Séala Barr Feabhais a maoiníodh ar deireadh.

72. A mhéid a bhaineann leis na trí thionscadal Cur le Chéile, cé nár áiríodh bearta chun tacaíocht a chur ar fáil don SoE sna OPanna, is eol don Choimisiún go bhfuil an CFRE ag glacadh leo.

74. Ó seoladh an tionscnamh Séala Barr Feabhais thug an Coimisiún faoi roinnt gníomhaíochtaí chun feabhas a chur ar glacadh tionscadal le SoE. Sampla amháin is ea an leasú ar Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine (GBER) lena gceadaítear do na Ballstáit bearta áirithe cabhrach a chur chun feidhme (lena n-áirítear tionscadail SoE a mhaoiniú) gan fógra a thabhairt roimh ré.

¹² <https://keep.eu/>

Éascaíodh leis sin simpliú a thabhairt isteach a mheasann na húdaráis Bhainistíochta a bheith rithábhachtach chun sineirgí a chur chun feidhme: tacú le Séalaí go díreach (i.e. gan meastóireacht nua ar cháilíocht T&N an togra), agus catagóirí, uasmhéideanna agus modhanna ríofa na gcostas incháilithe faoi Fhís Eorpach á gcur i bhfeidhm. Leis sin, seachnaítear dúbláil iarrachta ag tairbhithe agus ag Údaráis Bhainistíochta agus oibríochtaí á gcur isteach, á meas agus á roghnú acu le haghaidh thacaíocht CFRE.

75. Tá rialacháin um beartas comhtháthaithe do 2014-20 agus 2021-27 araon bunaithe mar riail ghinearálta maidir le tacú le hinfheistíocht i FBManna mar gur tosaíocht pholaitiúil de chuid an Aontais é tacaíocht a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide.

Mar an gcéanna le 2014-2020, déantar eisceacht amháin le haghaidh tréimhse 2021-27 sna rialacháin maidir le hinfheistíocht i bhfiontair seachas FBManna nuair a dhéantar infheistíocht den sórt sin i gcomhar le FBManna i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta.

Bunchloch eile den bheartas atá bunaithe ar bhainistíocht fhóna airgeadais is ea an easpa tacaíochta do ghnóthais a bhfuil deacracht acu. Deonaíodh an t-aon imeacht ón riail ghinearálta i ndiaidh phaindéim COVID-19 a chuir ar chumas gnóthas a raibh deacracht acu má bhí siad údaraithe faoi chreat sealadach um Státchabhair a bunaíodh chun aghaidh a thabhairt ar chúinsí eisceachtúla nó faoi de minimis.

FREAGRA COITEANN AR MHÍREANNA 76. AGUS 77.:

D'fhéadfadh sé go mbeadh sé deacair sásra fógra uathoibríoch a fhorbairt faoi gach cineál Séala barr feabhais a dheonaítear agus b'fhéidir gur mó an costas ná an tairbhe. Mar sin féin, tá an fhorbairt sin á breithniú ag an gCoimisiún maidir le Séala Barr Feabhais EIC amach anseo.

Idir an dá linn, faigheann údaráis bhainistíochta agus comhlachtaí maoinithe eile, arna iarraidh sin, faisnéis iomlán ar thograí tionscadail le Séala Barr Feabhais ina dtír/réigiún féin, a thug toiliú. Cuirtear an fhaisnéis sin ar fáil ó 2015 i leith do chomhaltaí an CoP trí ardán an Chomhphobail (SINAPSE). Ní baill de CoP iad na húdaráis bhainistíochta go léir, áfach, toisc nach oibleagáid é clárú.

Ó 2015 i leith tá suíomh gréasáin tiomnaithe ar an Séala Barr Feabhais ag cur faisnéis mhionsonraithe ar fáil ar an tionscnamh, conas é a úsáid, deiseanna maoinithe, agus faisnéis do chomhlachtaí maoinithe ar a shuíomh gréasáin SoE. Tá bosca ríomhphoist feidhmiúil ar fáil ón suíomh gréasáin chun freagraí a thabhairt ar cheisteanna féideartha.

Cuireann an Coimisiún sonraí comhiomlánaithe ar na tograí tionscadail a bhronn SoE ar fáil ar Dheais phoiblí Fís.

78. Spreagann an Coimisiún na húdaráis Bhainistíochta i ngach cruinniú den Chomhphobal Cleachtas chun a ndea-chleachtas náisiúnta nó réigiúnacha a roinnt agus chun ceisteanna maidir le cur chun feidhme a phlé leo. Tá an Coimisiún ar an eolas faoi Bhallstáit eile a bhfuil córais curtha i bhfeidhm acu chun an sreabhadh faisnéise is fearr maidir leis an Séala Barr Feabhais a áirithiú.

CONCLÚIDÍ AGUS MOLTAÍ (Míreanna 79-91)

Freagraí ón gCoimisiún:

FREAGRA COITEANN AR MHÍREANNA 79. AGUS 80.:

Agus an Coimisiún ag aithint go bhféadfaí feabhas breise a chur ar chur chun feidhme na sineirgí iartheachtacha, tugann sé dá aire go ndearnadh deiseanna le haghaidh sineirgí idir Fís Eorpach agus cláir beartais chomhtháthaithe a fheabhsú go mór sa tréimhse 2021-2027 trí rialacha níos comhordaithe sa reachtaíocht ábhartha uile (Fís Eorpach, Beartas Comhtháthaithe, GBER Státchabhair), atá deartha chun breisluach an Aontais a áirithiú, chun forluí a sheachaint agus chun an éifeachtúlacht agus an simpliú riaracháin is mó agus is féidir a lorg. Is é cuspóir CFRE i réimse an taighde agus na nuálaíochta tacú le taighde atá gar don taighde margaidh agus don glacadh torthaí taighde (lena n-áirítear torthaí a thagann ó thionscadail Fís maidir le glacadh torthaí taighde). Is é sin an príomh-réamhriachtanas chun sineirgí iartheachtacha a chur chun feidhme.

Treisiúnn an Coimisiún nach gá faireachán córasach a dhéanamh ar shineirgí de réir na mbunús dlí ábhartha. Mar sin féin, d'aithin an Coimisiún roinnt dea-chleachtas agus chuir sé chun cinn iad, amhail bailiúchán samplaí ("Cistí an Aontais ag obair le chéile ar son post agus fáis"). Samplaí de shineirgí idir na chreatchláir um thaighde agus um nuálaíocht (Fís 2020) agus Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (ESIF)", agus scaipeadh ar ghlaio turgnamhach Interreg Lár na hEorpa 'Caipitliú trí chomhordú".

81. Measann an Coimisiún go gcomhoibríonn a phríomhsheirbhísí atá i gceannas ar na Creatchláir T&N agus ar an ESIF, i.e. Ard-Stiúrtóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta agus Ard-Stiúrtóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, go maith, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil agus, i gcás Chomhphobal Cleachtais SoE, go mbíonn páirtithe leasmhara atá freagrach as cláir a dhearadh agus a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach páirteach iontu freisin. Mar sin féin, is féidir comhar ar an leibhéal náisiúnta idir na comhlachtaí sin atá freagrach as na cláir a chur chun feidhme nó as cuidiú lena gcur chun feidhme a spreagadh tuilleadh.

Moladh 1 – Feabhas a chur ar chomhar idir comhlachtaí atá páirteach i mbainistiú an ESIF agus na gcreatchlár

Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Aithníonn an Coimisiún an tábhacht agus an breisluach a bhaineann leis an gcomhar a fheabhsú idir údaráis na mBallstát a bhfuil beartas T&N agus freagrachtaí oibríochta acu, agus na húdaráis náisiúnta um beartas comhtháthaithe atá i gceannas ar T&N. Trí na pobail sin a thabhairt le chéile, cuideofar le naisc agus malartú eolais agus cleachtas a chruthú agus a chothú.

82. Measann an Coimisiún go bhfuil sé tábhachtach rochtain ar fhaisnéis faoi thionscadail agus tairbhíthe a fhaigheann tacaíocht óna chistí agus óna ionstraimí a éascú. Maidir le CFRE, sa bhunachar sonraí Kohesio a seoladh le déanaí (Márta 2022) tá faisnéis chuimsitheach agus cothrom le dáta ar thionscadail agus ar thairbhíthe a dtacaíonn an beartas Comhtháthaithe leo. Déanann sé an fhaisnéis arna foilsiú ag na húdaráis Bhainistíochta sa liosta oibríochtaí a chomhiomlánú, a chaighdeánú agus a athfhoilsiú i bhformáid idir-inoibritheach.

Cuimsíonn Deais Fís sonraí mionsonraithe maidir le tionscadail mhaoinithe agus a dtairbhíthe.

83. Agus an Coimisiún ag aithint an ghá le feabhas a chur ar na creataí sonraí atá ann cheana féin, ar inchuadaitheacht agus ar mhapáil na sonraí, measann sé nach bhfuil gá le bunachar sonraí idir-inoibritheach le tacsanomaíocht choiteann agus statach faoi láthair chun feidhmiúlacht iomchuí a sholáthar maidir le, e.g., cuardaigh bunachair sonraí nó cleachtaí mapála. Measann an Coimisiún go bhfágann feidhmiúlachtaí na mbunachar sonraí atá ann cheana gur féidir faisnéis ábhartha a shainaitheint.

84. Measann an Coimisiún go bhfuil sé tábhachtach faireachán a dhéanamh ar ghlacadh na sásraí sineirgíochta atá ann. I roinnt cásanna bíonn sé sin deacair go bunúsach, toisc nach mbíonn an fhaisnéis ábhartha ar fáil ach ar leibhéal na mBallstát freisin. Níl ceanglas dlíthiúil ann maidir le tuairisciú ach tá an Coimisiún ag iniúchadh cineálacha cur chuige deonacha chun faisnéis ábhartha a bhailiú, amhail an Deais don Séala Barr Feabhais.

Fiú gan faireachán córasach i bhfeidhm, bhí an Coimisiún in ann samplaí dea-chleachtais a aithint agus a chur chun cinn. https://research-and-innovation.ec.europa.eu/funding/funding-opportunities/seal-excellence_ga

Bíonn an Coimisiún i mbun gníomhaíochtaí go leanúnach chun feacht a mhúscailt (trí shuíomh gréasáin SoE, cainéil meán sóisialta, trí Phointí Teagmhála Náisiúnta agus Líonra Fiontar na hEorpa) agus chun coincheap na sineirge maidir le himeachtaí spriocdhírthe éagsúla a chur chun cinn (e.g. an Mheitheal um Thaighde, seachtain Eorpach na réigiún agus na gcathracha).

Moladh 2 – Acmhainneacht sonraí a shaothrú chun sineirgí a chothú

Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Admhaíonn an Coimisiún gur gá feabhas a chur ar chreataí sonraí atá ann cheana, ar inchuardaitheacht agus ar mhapáil na sonraí, ar fhaireachán ar shineirgí agus ar chur chun cinn samplaí de dhea-chleachtas.

85. Chun tacú le sineirgí níos láidre, d'fhoilsigh an Coimisiún an 5 Iúil 2022, Fógra ón gCoimisiún maidir le Sineirgí idir Fís Eorpach agus cláir CFRE ("Treoir maidir le Sineirge"¹³), inar neartaíodh saineolas agus cumais na bpáirtithe leasmhara chun na deiseanna nua a chur chun feidhme.

86. Thug an Coimisiún faoi shraith imeachtaí agus ceardlann um scaipeadh ó mhí Iúil 2022 ar aghaidh chun an "treoir nua maidir le Sineirge" a mhíniú do pháirtithe leasmhara sna Ballstáit. Leanfar leis na gníomhaíochtaí sin sna míonna amach romhainn.

87. Fuarthas amach¹⁴ sa staidéar a rinneadh le déanaí maidir le tosaíocht a thabhairt do straitéisí um speisialtóireacht chliste san Aontas go bhfuil réimsí tosaíochta straitéisí S3 san Aontas bunaithe den chuid is mó ar phróiseas sainaitheanta oibiachtúil atá bunaithe ar shonraí. Mar thoradh air sin tá cur chuige tosaíochta ar fud Bhallstáit/réigiúin an Aontais lena sainítear sraith atá teoranta, ach go minic leathan de réimsí tosaíochta a dhírítear ar T&F agus téamaí a dhírítear níos mó ar an teicneolaíocht. Mar sin féin, ní gá go gcuirfí teorainn mar gheall ar mhéid an fhearainn tosaíochta leis an bhféidearthacht sineirgí a chruthú.

90. Ní mór do gach tairbhí de chuid dheontais Fís 2020 a bpleananna maidir le saothrú iartheachtach a leagan amach, b'fhéidir nach measfaidh siad maoiniú ESIF i gcónaí mar shásra chun a dtorthaí taighde á saothrú tuilleadh. Ní bheidh sé sin ina fhadhb per se mura bhfuil pleananna saothraithe ag brath ar fhóirdheontas leanúnach ó bhuiséad an Aontais.

Tá líon íseal na dtagairtí do CFRE ann freisin toisc gur deacair a aithint blianta fada roimh ré cad iad na cistí a úsáidfear.

¹³ tagairt - féach an freagra ar mhír 19

¹⁴ An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh, *Staidéar maidir le tosaíocht a thabhairt do straitéisí speisialtóireachta chliste san Aontas: tuarascáil deiridh*, Oifig na bhFoilseachán, 2021, <https://data.europa.eu/doi/10.2776/60867>

Moladh 3 – Úsáid sineirgí iartheachtacha a mhéadú

Glacann an Coimisiún leis an moladh.

Moladh 4 – Feabhas a chur ar an sreabhadh faisnéise faoi thionscadail a bhfuil an Séala Barr Feabhais faighte acu

Glacann an Coimisiún leis an moladh agus feabhsóidh sé an sreabhadh faisnéise faoi thionscadail a bhfaightear an Séala Barr Feabhais ina leith.